Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

RIALACHÁIN TUAIRISCITHE AGUS TAIFID DHALTAÍ 2009

Uimhir an Chiorcláin:
2008/27

Dáta Eisithe:
17 Nollaig 2008

Tá sé dírithe orthu seo a leanas:

- Príomhoidí agus Cathaoirleacha na mBord Gobharnóirí sna scoileanna deontaschúnta ar fad;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- An Chomhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Mheasúnachta;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha;
- Comhairle na Gaelscolaíochta;
- Cumann Bhoird Rialaithe Scoileanna Gramadaí; agus
- Ceardchumainn Mhúinteoirí.

Feasacht Ghobharnóirí
Ríthábhachtach

Achoimre ar an Ábhar:

Tugann an Ciorclán seo fógra faoi na dréacht Rialacháin Oideachais (Tuairisciú agus Taifid Dhaltaí) (Tuaisceart Éireann) 2009.

Stádas an Ábhair:
Eolas do scoileanna

Doiciméid Ghaolmhara:
Níl ann dóibh

Doiciméid Chealaithe:
Níl ann dóibh

Dáta Éaga:
Níl bainteach

Fiosruithe:
Ba chóir aon cheist faoi ábhar an Chiorcláin seo a sheoladh chuig:

An tUasal Helen McConkey
Foireann Measúnaithe agus Curaclaim
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Láithreán Gréasáin Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9753
Facs: 028 9127 9100
Ríomhphost:
helen.mcconkey@deni.gov.uk

DRÉACHT RIALACHÁIN TUAIRISCITHE AGUS TAIFID DHALTAÍ

1. Tá an ciorclán seo ann chun comhairle a chur ar scoileanna agus eagraíochtaí oideachais maidir le seoladh an phróisis chomhairliúcháin maidir le dréacht Rialacháin Oideachais Tuairisciú agus Taifid Dhaltaí) (Tuaisceart Éireann) 2009 – dá dtagraítear sa Chiorclán seo mar na dréacht Rialacháin.

Tuairisciú agus Taifid Dhaltaí

2. Thug an tOrdú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 éifeacht don chreat don churaclam athbhreithnithe, atá á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ón scoilbhliain 2007-2008. Tá socruithe meastacháin athbhreithnithe á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe freisin. Tá na dréacht Rialacháin anois ag moladh socruithe chun eolas a thuairisciú do thuismitheoirí: go bliantúil; ag deireadh na bpríomhchéimeanna 1, 2 agus 3; agus ag deireadh na bunscoile, agus do thuismitheoirí nó do dhaltaí ag deireadh na scolaíochta éigeantaí tar éis phríomhchéim 4, agus ar fhágáil na scoile ag deireadh bhliain a sé.

3. Tá go leor de na socruithe seo, a thógann an curaclam athbhreithnithe san áireamh, cosúil le riachtanais tuairiscithe roimhe sin agus, sa chás go bhfuil difir mholta i riachtanais, tá sé seo leagtha amach i ndoiciméad freagartha an chomhairliúcháin dá dtagraítear ag alt 8 thíos.

4. Láimhseálann na dréacht Rialacháin tráthúlacht fhoráil eolais do thuismitheoirí agus dualgais Bhoird Gobharnóirí scoileanna maidir le nochtadh agus soláthar eolais dhaltaí.

5. Déanann na dréacht Rialacháin soláthar i gcomhair riachtanas maidir le tuairisciú agus taifid dhaltaí atá le tabhairt isteach i gcéimeanna ó théarma an tsamhraidh 2009 do leanaí i mBlianta 1, 2, 5, 6, 8 agus 9 agus ó scoilbhliain 2009/10 do dhaltaí i mBlianta 3, 4, 7, 10, 11, 12 agus foirm a sé.

Leibhéil Dul chun Cinn agus Tuairiscithe ar Thorthaí Measúnaithe

6. I gCiorclán 2008/22 chuir an Roinn in iúl go mbeadh sí ag meas an mbeadh sé réalaíoch agus inbhainistithe Leibhéil Dul Chun Cinn – atá i ndréacht-leagan faoi láthair – a thabhairt isteach ó bhliain scoile 2009/10, go mbeadh Leibhéil Dul Chun Cinn in Úsáid TFC á thabhairt isteach bliain níos déanaí ná cibé bliain a dtabharfaí Leibhéil Dul Chun Cinn i gCumarsáid agus Úsáid Matamaitic isteach; agus go gcoinneodh sé príomhoidí agus múinteoirí ar an eolas faoi aon athruithe ar an scála ama atá i gceist do thabhairt isteach na Leibhéal Dul Chun Cinn.

7. Is mian leis an Roinn a chinntiú go bhfuil na Leibhéil Dul Chun Cinn láidir agus feiliúnach dá bhfeidhm, agus go mbeidh am ag príomhoidí agus múinteoirí dul i gcleachtadh ar na Leibhéil Dul Chun Cinn agus go dtabharfar tacaíocht dóibh chun iad a thabhairt isteach. Tá cinneadh déanta aici nach dtosófar ag tabhairt isteach na Leibhéil Dul Chun Cinn go dtí an scoilbhliain 2009/2010 chun go mbeidh am ann é seo go léir a dhéanamh, agus mar chuid den chomhairliúchán ar na dréacht Rialacháin, tá sí ag tabhairt deis do scoileanna agus do chomhlachtaí eile a dtuairim a thabhairt ar na dréacht Leibhéil Dul Chun Cinn atá forbartha go dtí seo. Tá tuairimí á lorg freisin, tríd an gcomhairliúchán, ar shocruithe tuairiscithe do

thuismitheoirí ag deireadh phríomhchéimeanna 1, 2 agus 3, go dtí go dtugtar na Leibhéil Dul Chun Cinn substaintiúla isteach.

Freagraí ar an gComhairliúchán

8. Tá cóip de na dréacht Rialacháin lena n-áirítear nóta míniúcháin, agus doiciméad freagartha an chomhairliúcháin a thugann tuilleadh sonraí ar an tionchar a bheidh ag na dréacht Rialacháin ar thuismitheoirí, mhúinteoirí, Bhoird Gobharnóirí, thuismitheoirí agus dhaltaí, ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, www.deni.gov.uk. Cé go nglacfaidh an Roinn le freagraí cóip chrua ar an gcomhairliúchán, bheadh freagraí ríomhphoist níos fearr. Is féidir doiciméad freagartha an chomhairliúcháin a íoslódáil, a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh ar ríomhphost chuig reportingregulationsconsultation@deni.gov.uk. Ba chóir gach freagra a sheoladh chuig an Roinn roimh an 20 Márta 2009



BRIAN MORROW
An Foireann Churaclaim agus Mheasúnachta